

CÉARD É DUAIS LUX?

Is í Duais LUX, a bunaíodh sa bhliain 2007, an duais chineama a bhronnann Parlaimint na hEorpa gach bliain. Tá dhá phríomhchuspóir ag Duais LUX: aird a tharraingt ar an díospóireacht phoiblí faoin Eoraip agus tacú le léiriúcháin/comhléiriúcháin Eorpacha a scaipeadh laistigh den Aontas. Go deimhin, is é an dáileachán an t-éasc i gcás cineama na hEorpa, agus déanann constaicí teanga níos measa é. Is í aidhm Dhuais LUX na constaicí sin a sháru.

Chabhraigh Duais LUX le scannáin Eorpacha lucht féachana níos mó a bhaint amach trí thacaíocht a chur ar fáil chun fotheidealú a dhéanamh orthu agus iad a dháileadh. Trí Dhuais LUX, tacaíonn Parlaimint na hEorpa leis an éagsúlacht chultúrtha agus cabhraíonn sí le pobail na hEorpa a thabhairt níos gaire dá chéile.

CAD IAD LAETHANTA SCANNÁIN LUX?

Is é atá i gceist leo ná na 3 scannán atá san iomaíocht i gComórtas Oifigiúil Dhuais LUX a thaispeáint i 28 dtír an Aontais Eorpaigh i rith na tréimhe céanna – fóimhar 2013. Le haghaidh Laethanta Scannáin LUX, mar chuid de Dhuais LUX, cuirtear fotheidil sna 24 theanga oifigiúil den Aontas Eorpach ar 3 scannán an Chomórtais. Is í an aidhm ná éagsúlacht agus saibhreas an cineama Eorpaigh a roinnt leis an líon is mó Eorpach agus is féidir agus díospóireacht a dhéanamh ar na topaicí a dtarraingítear aird orthu sna scannáin atá

san iomaíocht do Dhuais LUX 2013. Is ábhair atá comónta dúinn go léir atá sna hábhair a ardaítear sna scannáin sin, is iad ár scéalta iad, ár mothúcháin agus tugann siad aghaidh ar shaincheistanna a bhfuil orainn ar fad dul i ngleic leo.

CONAS A ROGHNAÍTEAR NA SCANNÁIN?

Is grúpa de phroifisiúnaigh as tionscal na scannánaíochta a bhíonn ar an bPainéal Roghnúcháin a roghnaíonn na scannáin. Is é rogha an Phainéil Roghnúcháin na 3 scannán a bhíonn sa Chomórtas Oifigiúil.

Is iad Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a dhéanann an cinneadh faoin mbuaiteoir agus a bhronnann an duais, rud a tharlóidh i mbliana ar an 11 Nollaig.

CAD IS AITHEANTAS POBAIL ANN?

Is é an tAitheantas Pobail ná rogha an phobail an scannán nó an téama is fearr leo i gComórtas LUX a roghnú. Níl le déanamh ach cuairt a thabhairt ar ár suíomh gréasáin, luxprize.eu nó ar an leathanach Facebook agus do thuairim a thabhairt. Déanfar an toradh a bheidh ar an Aitheantas Pobail a fhógairt ag Féile Scannánaíochta Idirnáisiúnta Karlovy Vary i Meitheamh/Iúil 2014. Cuireann sé clabhsúr siombalach le heagrán reatha Dhuais LUX agus réitíonn sé an bealach d'eagrán nua, nuair a dhéanfar an 10 scannán le haghaidh Rogha Oifigiúil 2014 a nochtadh.

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL




@luxprize
#luxprize

WWW.LUXPRIZE.EU



LAETHANTA SCANNÁIN LUX

3 SCANNÁN | 24 THEANGA
28 dTÍR EORPACH
WWW.LUXPRIZE.EU



THE SELFISH GIANT

Stiúrthóir: Clio Barnard
Tír: An Ríocht Aontaithe
Bliain: 2013
Fad Reatha: 93'
Foireann Aisteoirí: Sean Gilder, Siobhan Finneran, Lorraine Ashbourne, Steve Evets, Elliott Tittensor, Conner Chapman, Shaun Thomas
Léiritheoir: Tracy O'Riordan
Léiriúcháin: Moonspun Films, BFI Film Fund, FilmFour
Duaiseanna/Roghanna: Cannes 2013, Coicís Stiúrthóra, Comórtas Roghnaithe Oifigiúil Duaise LUX.

Achoimriú

Fabhalscéal na linne atá ann faoi Arbor, buachaill de 14 bliaina d'aois agus a chara Swifty. Eiseata ón scoil agus ina eachtrannaigh ina chomhlúadar féin, tosaíonn said ag obair ar son Kitten, mangaire draimh áitúil, ag bailiú draimh mhíotail le capall agus cairt. Buachaillí tréitheacha iad; Swifty leis na capaill agus Arbor i gcúrsaí gnó agus theanga mhilis ina bhéal freisin. Dea-fhoireann atá ann. Ach nuair a eiríonn Arbor satach agus ag baint úsáid as daoine eile ar nos Kitten, eiríonn teannas eadrainn go bharr sin, le toradh tragóideach go n-athrofar na carachtair go leir.



THE BROKEN CIRCLE BREAKDOWN

Stiúrthóir: Felix van Groeningen
Tír: An Bheilg
Bliain: 2013
Fad Reatha: 110
Foireann Aisteoirí: Veerle Baetens, Johan Heldenbergh, Nell Cattrysse, Geert van Rampelberg, Nils de Caster,
Léiritheoir: Dirk Impens
Comhléiritheoir: Frans Van Gestel, Arnold Heslenfeld, Laurette Schillings
Léiriúcháin: Mennet Producties, Topkapi Films
Duaiseanna/Roghanna: Berlinale 2013, Duais speisialta lucht féachana Panorama CPH PIX 2013, Comórtas Roghnaithe Oifigiúil Duaise LUX. Féile ScannánTribeca 2013

Achoimriú

Scéal ghrá idir Elise agus Didier é sin. Tá siopa thatú aici. Seineann sé bainseó le banna ceoil. Titeann said i ngrá lena chéile chomh luath agus a leagann said súil ar a chéile in ainneoin na ndifricíochtaí mhóra idir iad féin. Labhraíonn sé. Eistíonn sí. Andiachaí is ea Didier ach duine rómansúil freisin. Is dunie praiticiúil Elise ach le cros chéasta tatú ar a muineál. Tar éis breithe Maybelle, tá said fíorshona. Ach éiríonn Maybelle breoite go han-dona. Tugann said aghaidh ar an dushlán ar a bhealaí éagsúla féin. Ach ní ligeann Maybelle aon rogha acu. Ní mór dóibh a throid le chéile ar son a n-iníon.



MIELE

Stiúrthóir: Valeria Golino
Tír: An Fhrainc, An Iodáil
Bliain: 2013
Fad Reatha: 100'
Foireann Aisteoirí: Jasmine Trinca etc
Léiritheoir: Jasmine Trinca, Carlo Cecchi, Libero De Rienzo, Vinicio Marchioni, Iaiá Forte
Producer: Viola Prestieri, Riccardo Scamarcio, Anne-Dominique Toussaint, Raphael Berdugo
Léiriúcháin: Buena Onda, Les Films des Tournelles, Rai Cinema, Cité
Duaiseanna/Roghanna: Cannes 2013, Un Certain Regard, Féile Scannán Brussels; 2013, Comórtas Roghnaithe Oifigiúil Duaise LUX., Globi d'Oro 2013, Scannán is fearr den chéad uair, Aisteoir mná is fearr (Jasmine Trinca)

Achoimriú

Tá Irene ina conai ina haonar. Tugann sí cabhair do dhaoine atá i mbéal an bháis chun deireadh a chur lena gcuid saolta trí mhéain na drugaí. Aon lá amháin tugann sí daileóg mharfach do dhuine atá i mbarr a shláinte. Beartaíonn sí an milleán a sheachaint ar an bhféinmharú den duine sin. As sin amach agus i gcoinne a mhinata féin, éiríonn caidreamh neamhgnách agus teannta idir Irene agus Grimaldi agus téann a gcuid saolta ar mhalairt slí.

MAR GO bhfuil an chumhacht ag an gcineama dul i bhfeidhm orainn agus ag an gcultúr léargas a thabhairt dúinn.

MAR GUR bealaí idéalacha iad an cineama agus an cultúr chun an cúlra atá i gcomhar againn chomh maith lenár n-éagsúlachtaí a fhionnadh.

MAR GO bhfuilimid aontaithe san éagsúlacht agus gur spás coiteann dúinn an tAontas Eorpach.

Tá **MIELE** le Valeria GOLINO, **THE BROKEN CIRCLE BREAKDOWN** le Felix van Groeningen agus **THE SELFISH GIANT** le Clio Barnard ar an gclár don 2ú heagrán de LAETHANTA SCANNÁIN LUX, atá á n-eagrú ag Parlaimint na hEorpa.

Á meas in éineacht dúinn, léiríonn na trí scannán shuntasacha seo a shaibhre atá an cineama Eorpach, an doimhneas atá ag roinnt leis agus a áille atá sé. Tugann gach ceann díobh a léargas féin ar cheisteanna nach mór dár sochaí dul i ngleic leo, agus déileáiltear leis na ceisteanna sin ar bhealach atá réalaíoch nó samhlaíoch nó pléitear leo go cadránta nó go fineálta.

Téigh ag féachaint ar na scannáin seo agus tapaigh an deis plé a dhéanamh ar luxprize.eu i dtaobh é a bheith dlísteannach (nó gan a bheith) maolú a dhéanamh ar an bpian atá á fulaingt ag daoine eile nach bhfuil in ann cinní a bhaineann leis an mbás a dhéanamh dá ndeoin féin (MIELE), nó i dtaobh na slí a n-íompraíonn daoine óga iad féin nuair bhíonn siad scoite amach ag an tsochaí agus ag na hinstiúidí (THE SELFISH GIANT) nó i dtaobh an dochar a dhéantar go tobann do lánúin óg Eorpach de bharr imeachtaí tragóideacha a tharraingíonn amhras ar a gcuid luachanna (THE BROKEN CIRCLE BREAKDOWN).

28 dTÍR EORPACH

BELGIQUE / BELGIË
BRUXELLES / BRUSSEL

БЪЛГАРИЯ
СОФИЯ

ČESKÁ REPUBLIKA
BRNO

DANMARK
KØBENHAVN

DEUTSCHLAND
BERLIN, KÖLN, MÜNCHEN

EESTI
TALLINN

ÉIRE / IRELAND
CORCAIGH / CORK

ΕΛΛΑΔΑ
ΘΕΣΣΑΛΟΝΙΚΗ

ESPAÑA
BARCELONA, GIJÓN,
LANZAROTE, SANTIAGO DE
COMPOSTELA, SEGOVIA,
SEVILLA

FRANCE
ANGOULÊME, MARSEILLE,
STRASBOURG

HRVATSKA
ZAGREB

ITALIA
ROMA, BOLOGNA

ΚΥΠΡΟΣ
ΛΕΥΚΩΣΙΑ

LATVIJA
RĪGA

LIETUVA
VILNIUS, KAUNAS, PANEVĖŽYS

LUXEMBOURG / LUXEMBURG
LUXEMBOURG / LUXEMBURG

MAGYARORSZÁG
BUDAPEST

MALTA
VALLETTA

NEDERLAND
LEIDEN

ÖSTERREICH
WIEN

POLSKA
WARSAWA, WROCŁAW

PORTUGAL
LISBOA

ROMÂNIA
BUCUREȘTI

SLOVENIJA
LJUBLJANA

SLOVENSKO
BRATISLAVA

SUOMI / FINLAND
HELSINGFORS / HELSINKI

SVERIGE
STOCKHOLM

UNITED KINGDOM
LONDON, BELFAST, GLASGOW

FÉACH,
PLÉIGH
& VÓTÁIL



@luxprize
#luxprize

WWW.LUXPRIZE.EU



GO HACHOMAIR

Díríonn *The Selfish Giant*, atá bunaithe ar ghearrscéal le Oscar Wilde, ar bheirt déagóirí a chónaíonn i limistéar na Breataine comhaimseartha atá cráite ag bochtaineacht agus díothacht. Maidir le Arbor, a fhulaingíonn ó riocht nár diagnóisíodh riamh i gceart agus a dhéanann hipirghníomhach é, tá deacrachtaí móra aige le húdarás agus díbrítear é ón scoil. Cuirtear a chara Swifty ar fionraí chomh maith ar feadh cúpla lá as troid. Fágtha ina n-aonar, aimsíonn an bheirt bhuachaillí scéim chun airgead a thuilleamh a bhaineann le díol miotail conamair le déileálaí áitiúil darb ainm Kitten. Is é an t-airgead is mó is spéis le Arbor, cé gurb iad capaill Kitten is mó is spéis le Swifty, a dtéann capall drae is sodaire iontach i bhfeidhm air.

-1-

Críochnaíonn an scannán ar nóta ciúin, capall á scuabadh ag Arbor, an ceamara ag stánadh ar aghaidh an ainmhí, a fhágtar a dhreach faoin lucht féachana a mhíniú. Comhartha ómóis dá chara marbh is ea an aire a thugann Arbor don chapall.

ATMAISFÉAR GRUAMA

Is féidir dá bhrí sin, an scannán a fheiceáil mar scéal cairdis bhriste agus caillteanais a fhritháirítear in aghaidh chúlra an mheatha thionsclaíoch. Is atmaisféar gruama atá i réim: i dteannta comharthaí follasacha turgnaimh eacnamaíoch (tá tuismitheoirí an bheirt bhuachaillí bocht, níl siad ábalta a gcuid billí a íoc agus bíonn iachall orthu earraí tí bunúsacha a dhíol, agus tá an trádáil i ndramh-mhiotal agus in ábhar eile nach dteastaíonn rathúil, a spreagann na daoine is boichte sa tsochaí iad a ghoid) tá siombailí eile ag a bhfuil brí níos íogaire. Mar shampla, roghnaíonn an stiúrthóir áiseanna tionsclaíocha (túir fhuaraithe, foirgnimh thionsclaíocha, etc) clúdaithe le ceo a scannánú, nó i gcineálacha áirithe an tsolais, ionas nach méadaítear iad, ach is cosúil go bhfuil siad ag teacht go deireadh ré, amhail is dá mbeadh gach brí caillte acu. Lena n-áirítear ainmhithe (capaill, caoirigh, etc.) i roinnt de na radharcanna an-áille a threisiónn an smaoineamh sin, amhail is dá mbeadh an nádúr á athdhearbhú féin.

Aibhsítear an tuiscint ar thubaiste eacnamaíoch atá ag bagairt freisin leis na saincheisteanna sóisialta lena ndéileáil an scannán: díbirt Arbor ón scoil, ar na forais thanaí nach bhfuil na múinteoirí ábalta aire a thabhairt do leanbh atá chomh 'difriúil' sin; mangaireacht drugaí agus úsáid drugaí a mhilleann saol a dhearthár; agus dímrí a máthar single, atá fágtha chun a beirt

-3-

CAIRDEAS DOBHRISTE?

Tá mórán comóna ag an mbeirt seachas díreach a bheith ar an aois chéanna. D'fhás siad suas sa timpeallacht shóisialta agus chultúrtha chéanna, agus is ó chúdraí teaghlaigh deacra iad araon. Tá mórán deartháir agus deirfiúracha óga ag Swifty, agus tá a thuismitheoirí dealbh. Ní féidir lena mháthair an bille leictreachais a íoc, tá iachall ar a athair tolg an tseomra suí a dhíol, agus tá a mbia bunúsach agus leamh ... agus fuar, toisc nach bhfuil aon leictreachas ann. Maidir le Arbor, sé ina chónaí lena mháthair shingil, a dtéann sé dian uirthi a beirt buachaillí a thabhairt suas go laethúil. Tógann a dhearthár is sine drugaí, is deacra é a rialú, uaireanta ciapann daoine é ag a bhfuil airgead air, agus is dócha go ngoideann sé cógas Arbor, atá ag brath orthu chun é a choinneáil i riocht sláintiúil.

Tá an bheirt bhuachaillí fíochmhar dílis dóibh siúd gar dóibh. Cé go bhfuil siad garbh agus foréigneach le chéile go minic, déileáilann siad le dúshlán an tsaoil le chéile. Mar shampla, tá siad sásta a dtuilleamh as dramh-mhiotal a thabhairt ar lámh dá dteaghlaigh chun billí nó fiacha a íoc.

É sin ráite, tá siad an-difriúil ar bhealaí eile. Is buachaill fionn gearr, tanaí agus neirbhíseach Arbor, ach tá Swifty níos airde, ciúin agus beagán amscáil. Is é Arbor an ceannaire, leanann Swifty. Ach is é an rud is suntasaí faoina a gcaidreamh ná neart soiléir a gcairdis. Is cosúil go bhfuil an cumas uathúil ag Swifty chun Arbor a chiúnu agus é a chur ar a shuaimhneas i rith a ghéibh. Tá sé seo léirithe go maith i gcéadradharc an scannáin, a chríochnaíonn le gar-amharc dhá lámh fáiscithe go docht le chéile. Níl aon amhras ar an mbreathnóir faoi cé chomh gar go fisiciúil

pháistí deacra a thabhairt suas ina haonar. B'fhéidir toisc go bhfuil gach rud ag titim as a chéile thart timpeall orthu, léirítear daoine ag a bhfuil tuiscint ar cheart agus ar mhícheart caillte ar fad: ciapann leanaí a chéile sa chlós súgartha; faigheann deartháir Arbor drochbhagairt ó dhaoine ag a bhfuil airgead air; tá domhan na ndéileálaithe dramh-mhiotail an-dian, baineann Kitten punt an duine ó phá Arbor agus Swifty, ar na forais bhréagacha go bhfuil siad faoi aois; eagraíonn sé freisin rás capall contúirteach mídhleathach, agus bagraíonn lámh Arbor a threascairt chun pionós a ghearradh air as an gcopar a bheith goidte air; sciobann déileálaí dramh-mhiotail eile copar Arbor gan pingin a dhíol as. Sa suíomh seo, tá cuma thar a bheith lag ar fhigiúirí an údarais thraidisiúnta: níl múinteoirí ábalta meas a fháil agus fiú géilleann na póilíní d'Arbor nuair a ordaíonn sé dóibh a mbróga a bhaint roimh dhul isteach ina theach. Tá an tsochaí ag titim as a chéile (mar shampla an cúlra ina dtarlaíonn an scéal: cosáin mhionaithe, siopaí scriosta, cuma thruamhéileach ar thithe...), mar a léirítear sa mhéid gur cosúil saol á dheachtú ag an dlí gurb é an té is láidre a bheidh in uachtar, ionas go bhfuil cuma ar roinnt luachanna morálta a bheith níos tábhachtaí: cairdeas Arbor agus Swifty, in ainneoin bhrath Arbor; a ndílseacht dá dteaghlaigh; ciontacht Kitten á admháil aige; agus an maithiúnas a thairgeann máthair Swifty do Arbor.

Mar fhocal scoir, is féidir *The Selfish Giant* a fheiceáil mar fhabhalscéal nó scéal morálta atá i gcomhthéacs réalaióch (tá goid cábla ag méadú i mórán tíortha Eorpacha; tá borradh faoin trádáil dramh-mhiotail; tá praghsanna miotail ag dul in airde; tá difhostaíocht ag fás agus teaghlaigh ar fud na hEorpa ag éirí níos boichte) ina bhfuil sé ríthábhachtach an fód a sheasamh do luachanna daonnacha.

Anne Vervier
Les Grignoux (Liège Brussels)

atá na buachaillí, cibé acu trí spochadh as a chéile, i gcluichí nó uaireanta fiú barróga tairiseacha.

AG IMEACHT ÓNA CHÉILE

Tosaíonn a gcairdeas speisialta titim as a chéile, áfach, de réir mar a fhorbraíonn caidreamh na mbuachaillí le Kitten agus mar a thagann a bpearsantachtaí éagsúla chun cinn. Tugann Kitten bua Swifty le capaill faoi deara agus tugann sé breis freagrachta dó, rud a ligeann dó aire a thabhairt dá gcapall ionúin agus fiú é a thabhairt amach ó am go ham. Freagraíonn Swifty trí go leor buíochais a thaispeáint do Kitten (gach uair a fhaigheann sé 'ardú céime' ceiliúran sé le 'isteach leat' díograiseach) agus is intuigthe gur mhaith leis an caidreamh muiníne a bunaíodh eatarthu a chosaint.

Ní léiríonn Arbor, idir an dá linn, rud ar bith den íogaireacht spontáineach a thagann go nádúrtha go Swifty. Cé go bhfuil Swifty ábalta ainmhí a chiúnu agus é a chur ag ithe amach as a lámh, is a mhalairet d'éifeacht atá ag nádúr foréigneach agus ríogach Arbor. Ní hamháin go dtógann Kitten Swifty faoina eite mar dhalta, seachnaíonn sé Arbor freisin.

Braitheann Arbor diúltaithe, agus freagraíonn sé tríd Swifty agus Kitten araon a bhrath. Déanann sé é seo trí mharú searraigh gan ghá. (Ba é a intinn ar dtús an searrach a íobairt d'fhonn a sheiceáil an raibh an líne chumhachta a bhí tar éis titim go dtí an talamh beo. Fiú murarbh é, ní fhéadfadh Arbor é a scoitheadh agus a thabhairt ar shiúl gan chabhair Swifty.). Ní féidir marú an tsearraigh, dá bhrí sin, a mheas ach amháin mar iarracht ar Swifty a ghortú, ar mór leis capaill, a phionósú mar gheall ar Arbor a thréigean; míniú nach bhfuil chomh soiléir

ná nach raibh ann ach triail chun an leadrán a bhrú uaidh. Cinneann Arbor, atá ag tógáil go rialta suimeanna móra copair ó charn Kitten, chun dul agus é a dhíol le déileálaí eile (ag úsáid chapall agus chairt Kitten!). Gabhann Swifty é sa ghníomh agus feiceann sé é mar bhrath eile, ós rud é gurb é Kitten a bhas anois. Ach titeann déileáil Arbor as a chéile agus faigheann Kitten amach. Bagraíonn sé ansin lámh Arbor a threascairt os comhair Swifty atá scanraithe.

TRAGÓID AGUS RÉITEACH

Chun a fhiacha a íoc (thóg déileálaí eile an copar a bhí goidte ag Arbor, gan faic a thabhairt dó as), cuireann Kitten atá ar buile le Arbor é chun an méid céanna copair a ghoid ó áit in aice leis an stáisiún cumhachta. Ar dtús ní mór dó haiste a oscailt atá blocáilte le leac coincréite, ansin dul isteach agus aon cháblaí is féidir leis a fháil a chur chuige, fad atá fuaim bhuartha na sreang leictreach beo lastuas de. Tá Arbor ina aonair leis an gcapall, níl sé ábalta an leac coincréite a bhrú leis féin, nuair a thagann Swifty, agus a mhothúcháin domhain gortaithe ar leataobh, chun cuidiú. Téann sé isteach sa safta agus leictreamharaítear é. Iompraíonn Arbor ansin corp Swifty ar ais go dtí Kitten, a ghlacann gan choinne an fheagraicht go léir as an timpiste.

Is é seo tús phurgadóir Arbor, mar féachann sé le teagmháil a dhéanamh le máthair Swifty. Cnagann sé arís agus arís eile ar a doras, ach gach uair deirtear leis imeacht leis. Cúlaiónn sé faoina leaba, áit a bhfacamar é, trína chéile, ag tús an scannáin. Ba é Swifty an t-aon duine a d'fhéadfadh a thabhairt air an tearmann ciúin, dorcha seo a fhágáil. Ar deireadh, tagann máthair Swifty go teach Arbor agus faigheann sé an maithiúnas a bhí uaidh, mar a fháisceann máthair a charad é go teann.

-2-



ROINNT SMAOINTE LE HAGHAIDH TUILLEADH PLÉ

- Tarlaíonn an scannán seo sa cheantar timpeall Bradford, i gcontae Yorkshire sa Ríocht Aontaithe. An gceapann tú go bhféadfaí an scéal a leagan amach i gcuid eile den Eoraip? Má cheapann, cad ina thaobh? Mura gceapann, cad ina thaobh?
- Téama é an leictreachas atá ag rith tríd an scannán: na cáblaí leictreacha beo, bás an tsearraigh agus Swifty, billí neamhíochta teaghlaigh Swifty, agus na cáblaí miotail a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinse ioncaim dóibh siúd a bhailíonn dramh-mhiotal. Cé acu conclúidí is féidir a bhaint ó gach ceann de na 'naisc leictreacha' seo agus de na meafair a thugann siad le fios (teannas, friotaíocht, is cosúil nach féidir Arbor a chasadh amach, etc)?
- Is fiú béim a leagan ar roinnt roghanna aeistéitiúla in *Selfish Giant* freisin, go háirithe an easpa ceoil, ach freisin úsáid grianghraf den chomhshaol nádúrtha nó d'ainmhithe (caoirigh, capaill, etc), i gcodarsnacht leis na saoráidí tionsclaíocha. Conas a léirmhíniú tú na roghanna seo?



-4-